



An Roinn Oideachais
Department of Education

Atosú Scolaíochta Fómhar 2020: Tuairisc ar anailís sonraí ó phríomhoidí Céim a hAon – Meán Fómhair 2020

Samhain 2020
An Chigireacht
An Roinn Oideachas

Clár Ábhair

1. Réamhrá	3
2. Léargas ginearálta ar rannpháirtíocht le scoileanna	4
2.1 Aidhmeanna na seisiún comhairleach	4
2.2 Faisnéis agus treoir a eisíodh chuig scoileanna	4
2.3 Eagrú na rannpháirtíochta	5
3. Modheolaíocht	6
3.1 Taifeadadh na sonraí a bailíodh le linn na seisiún comhairleach	6
3.2 Anailís sonraí	6
3.3 Aiseolas ó na cruinnithe seachtainiúla earnála ag cigirí sna réigiúin	7
3.4 Teorainneacha leis an staidéar	7
4. Bunteachtairachtaí	8
4.1 Prótacail agus gnáthaimh a shocrú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú	8
4.2 Folláine an phobail scoile a chur chun cinn	9
4.3 An curaclam a sholáthar le linn scoilbhliain 2020/21	11
5. Réimsí a sainithníodh ina bhfuil comhairle bhreise de dhíth ar scoileanna	14
6. Conclúidí	15
7. Moltaí	16

1. Réamhrá

Cuirtear i láthair sa tuairisc seo anailís ar shonraí ó sheisiúin chomhairleacha na Cigireachta le príomhoidí agus ceannairí eile scoile le linn thréimhse 01 Meán Fómhair 2020 go 25 Meán Fómhair 2020. Le linn na tréimhse seo, eagraíodh 738 seisiúin comhairleach san iomlán faoi mar atá leagtha amach sa tábla thíos:

Earnáil	Líon
Bunscoileanna	533
Iar-bhunscoileanna	205

Ba é feidhm na hanailíse seo:

- Léargas ginearálta a thabhairt ar an rath agus ar na dúshláin a bhí ag scoileanna le linn an ama seo.
- Na príomhréimsí tosaíochta ag scoileanna a shaináithint ó thaobh tuilleadh comhairle agus tacaíochta de.

Is tuairisc amháin í seo i sraith trí thuairisc¹ a chuirfear ar fáil mar chuid de chéim a haon de ghníomhaíocht taighde na Cigireachta i scoileanna le linn scoilbhliain 2020/21.

De réir mar a tháinig na sonraí ó na cuairteanna comhairleacha isteach agus mar a rinneadh anailís orthu, cuireadh iad ar aghaigh chuig Rannóg Rialachais Scoile na Roinne áit ar chuidigh na torthaí le cinntí beartais a threorú.

¹ Beidh na tuairiscí eile bunaithe ar thorthaí fócasghrúpaí le scoláirí agus suirbhéanna ar mhúinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí mar aon le suirbhé breise ar phríomhoidí..

2. Léargas ginearálta ar rannpháirtíocht le scoileanna

2.1 Aidhmeanna na seisiún comhairleach

I measc phríomhfhócais rannpháirtíocht na Cigireachta le scoileanna sa chéad téarma de scoilbhliain 2020/21 bhí comhairle agus tacaíocht a thabhairt do phríomhoidí agus scoileanna á n-athoscailt. Tá aidhmeanna na seisiún comhairleach leagtha amach i gCiorclán 0040/2020 (Bunscoileanna) agus i gCiorclán 0041/2020 (Iar-bhunscoileanna). Thug cigirí comhairle agus tacaíocht do phríomhoidí agus ceannairí scoile sna réimsí seo a leanas:

- Tacú le folláine foghlaimoirí agus baill foirne
- Soláthar an churaclaim le linn scoilbhliain 2020/21
- Prótacail agus gnáthaimh a shocrú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú

2.2 Faisnéis agus treoir a eisíodh chuig scoileanna

An tsraith doiciméad a sholáthair an Roinn Oideachais do bhainisteoirí scoile, príomhoidí agus mhúinteoirí chun tacú le fillleadh ar an scoil agus soláthar an churaclaim atá mar bhonn eolais ag na seisiúin chomhairleacha i scoilbhliain 2020/21. Áirítear leis na doiciméid seo:

- *Plean Freagartha COVID-19 i leith athoscailt shábháilte, inbhuanaithe Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta*
- *Tacú le Folláine an Phobail Scoile: Filleadh ar an Scoil i ndiaidh Dhúnadh na Scoileanna de bharr COVID-19*
- *Filleadh ar an Scoil: Treoir churaclaim do cheannairí agus do mhúinteoirí bunscoile*
- *Filleadh ar an Scoil: Treoir ar fhoghlaim agus ar chlár scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile*
- *Filleadh ar an Scoil: An Idirbhliain 2020/21*
- *An Ardteistiméireacht Fheidhmeach: Treoir do bhainistíocht agus do mhúinteoirí ATF i Scoileanna Dara Leibhéal agus in Ionaid don Oideachas*

Tá sraith iomlán na ndoiciméad a chuir an Roinn ar fáil chun tacú le scoileanna ag an tráth seo ag na naisc seo a leanas:

Ár mbunscoileanna agus scoileanna speisialta a athoscailt:

<https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/>

Ár n-iarbhunscoileanna a athoscailt:

<https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/ar-n-iar-bhunscoileanna-a-athoscailt/>

2.3 Eagrú na rannpháirtíochta

Go hiondúil, is de r-phost nó ar an bhfón a thionscain cigirí an teagmháil, trí chuireadh a thabhairt do phríomhoidí freastal ar sheisiún comhairleach. Bhí de rogha ag scoileanna fosta seisiún a iarraidh tríd an seoladh tiomnaithe info@schoolself-evaluation.ie a úsáid. Is ar an bhfón nó ar ardán digiteach ó chian, amhail WebEx, a rinneadh beagnach gach seisiún comhairleach le linn an ama seo. Den chuid is mó, mhair na seisiúin chomhairleacha idir uair agus dhá uair an chloig.

3. Modheolaíocht

3.1 Taifeadadh na sonraí a bailíodh le linn na seisiún comhairleach

Le linn seisiúin chomhairleacha, bhí cigirí i mbun plé le príomhoidí agus ceannairí eile scoileanna. Léirítear sa tuairisc seo na dearcthaí agus tuairimí a thuairiscigh príomhoidí agus ceannairí scoile leis na cigirí i gcaitheamh na seisiún seo. Thug na babhtáí plé seo léargas don chigire ar chomhthéacs na scoile agus ar na réimsí ratha agus na dúshláin a bhí ag an scoil. I ndiaidh gach seisiún comhairleach, thaifead cigirí aonair sonraí na dtrí cheist i gcóras bainistíocht faisnéise na Cigireachta (IMIS):

Ceisteanna

- 1) Cé na réimsí ratha atá ag an scoil?
- 2) Cé na dúshláin atá roimh an scoil?
- 3) Cé na réimsí ar tosaíochtaí iad ag an scoil i leith comhairle agus tacaíocht bhreise?

I gCeisteanna 1 agus 2, d'fhéad cigirí suas le trí ráiteas ghearra a ionchur (uaslón 150 carachtar i ngach cás). Éascaíodh leis seo, sainaitheint agus anailís na réimsí ratha agus na dúshláin. Bhí roghchlár anuas le faisnéis inti roimh ré ag Ceist 3 agus d'fhéadfaí fosta freagairtí oscailte a thaifeadadh faoi 'Eile'.

3.2 Anailís sonraí

Roimh an bpríomh-anailís sonraí, rinneadh dhá anailís thrialacha, ag úsáid sonraí píolótacha. Sa chéad bhabhta den chódú, roinneadh réimsí ratha agus dúshláin ina réimsí leathana mar atá leagtha amach sa tábla thíos:

Córas aicmithe sonraí a úsáideadh sa chéad sraith den anailís

Prótacail agus gnáthaimh a shocrú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú
An curaclam a sholáthar le linn scoilbhliain 2020/21
Tacú le folláine foghlaimeoirí agus baill foirne
Eile

Easpórtáladh na sonraí ó IMIS ar 26 Meán Fómhair. Bhí na sonraí uile a d'iontráil cigirí suas go dtí meán oíche 25 Meán Fómhair san áireamh san anailís seo.

Sannadh foireann cúigear cigirí chun na sonraí a anailísiú. Cuireadh oiliúint tosaigh ar fáil le cois cruinnithe laethúla agus plé i rith na seachtaine. Leis seo, cinntíodh comhsheasmhacht na hanailíse. Cuireadh córas i bhfeidhm chun iontaofacht agus comhleanúnachas a chinntiú. Ina dhiaidh sin, cuireadh na sonraí i dtoll a chéile agus athbhreithníodh iad.

3.3 Aiseolas ó na cruinnithe seachtainiúla earnála ag cigirí sna réigiúin

Bhí fáil ag an bhfoireann fosta ar bhileoga machnaimh ó na cruinnithe réigiúnacha earnála cigirí le linn thréimhse na tuairisce seo. Bhí faisnéis úsáideach ar na bileoga machnaimh seo faoi na treochtaí agus na saincheistanna a bhí ag teacht chun cinn agus a tuairiscíodh le cigirí. Rinneadh sonraí ó na bileoga machnaimh a athbhreithniú, a mheas agus a úsáid chun bonn eolais a chur faoin tuairisc seo.

3.4 Teorainneacha leis an staidéar

Cé gur sampla an-mhór atá sa staidéar seo, tá an fhoinsé faisnéise teoranta do phríomhoidí agus ceannairí eile scoile. D'fhéadfadh tuairimí difriúla a bheith ag daoine eile de chuid pobail scoile ar nós múinteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimoirí. Ba chóir a shonrú fosta go mbaineann na sonraí le seisiúin plé le príomhoidí ag tús na scoilbhliana i Meán Fómhair. Gach seans gur athraíodh dearcthaí agus tosaíochtaí i bhfianaise cúinsí a athraíodh ó shin.

4. Bunteachtairachtaí

Faoi na trí cheannteideal seo a leanas atá bunteachtairachtaí an chórais:

- 1) Prótacail agus gnáthaimh a shocrú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú
- 2) An curaclam a sholáthar le linn scoilbhliain 2020/21
- 3) Tacú le folláine foghlaimeoirí agus baill foirne

Baineann bunteachtairachtaí na dtrí réimse seo le réimsí ratha agus dúshláin do scoileanna agus don chóras i gcoitinne.

4.1 Prótacail agus gnáthaimh a shocrú chun timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a éascú

Réimsí Ratha

Thuairiscigh beagnach gach príomhoide bunscoile agus iar-bhunscoile gur éirigh leo a gcuid scoileanna a athoscailt go sábháilte. Tá sé seo intuigthe ós rud é gur sonraí Mheán Fómhair atá i gceist sa tuairisc seo; ba bhuntosaíocht ag scoileanna é le linn na tréimhse seo timpeallacht shábháilte foghlama agus oibre a shocrú. Rinneadh a lán tagairtí i bhfreagairtí ó na hearnálacha bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta araon don ullmhúchán an-éifeachtach a rinne scoileanna chun athoscailte, a fháil réidh le trealamh nach raibh de dhíth chun glantachán a éascú agus gur éirigh leo réimse gnáthamh agus struchtúr a chur i bhfeidhm.

I roinnt freagairtí, sainithníodh na tacaí a thug an Roinn Oideachais agus páirtithe eile mar réimse ratha. I measc na bhfreagairtí maidir leis seo, rinneadh tagairt do líne chabhrach na Roinne agus don seoladh r-phoist tiomnaithe chun cabhrú le scoileanna athoscailt, an pacáiste cuimsitheach maoinithe agus an réimse de thacaíocht agus de threoir fhoilsithe a tugadh do scoileanna chun athoscailt go sábháilte.

Dhírigh príomhoidí eile aird ar chomhoibriú foirne agus foghlaimeoirí leis na bearta a bhí i bhfeidhm ag an scoil chun leathadh COVID-19 a chosc mar bhunréimse ratha. B'iondúil gur chuir na príomhoidí seo síos ar conas a rinneadh cuid de shaol laethúil na scoile de na prótacail nua seo agus labhair siad go dearfach faoin tslí ar thacaigh foirne scoile, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí leis an ngá a bhí le cloí le bearta cuí cosanta.

Tuairimí ag príomhoidí bunscoile

- *Filleadh sábháilte gach dalta agus eagrú cuí na scoile de réir treoirlínte nua. Daltaí sásta agus socair go maith tríd is tríd.*
- *Ullmhúchán iontach ag gach ball foirne a d'éascaigh aistriú an-réidh ar ais ar scoil agus gnáthaimh atá an-soiléir*
- *An filleadh ar an scoil an-dearfach do gach dalta agus ball foirne.*

Tuairimí ag príomhoidí iar-bhunscoile

- *Bródúil gur fhill scoláirí ar thimpeallacht shábháilte agus gur chuir an scoil a Polasaí Covid in iúl go soiléir don phobal scoile.*
- *Pleanáil rathúil athoscailte (athchumrú seomraí srl.) Obair dheonach déanta ag baill foirne le linn shaoire an tsamhraidh.*
- *An rath is mó go bhfuil an scoil ar oscailt agus ag feidhmiú ag tús na scoilbhliana.*

Dúshlán

Cé gur éirigh go maith le hathoscailt na scoileanna le linn na tréimhse seo, thuairiscigh bunús na bpríomhoidí bunscoile agus beagnach gach príomhoide iar-bhunscoile go raibh roinnt dúshlán rompu i leith an scoil a choinneáil mar thimpeallacht shábháilte. Bhain líon suntasach freagairtí ó phríomhoidí maidir leis seo leis na dúshlán phraiticiúla a bhaineann lena chinntiú go gcloíonn baill foirne agus foghlaimoirí le riachtanais scaradh fisiciúil. Thuairiscigh roinnt príomhoidí bunscoile deacrachtaí le bolgáin agus faighneoga ar leith a scaradh óna chéile agus ó ghrúpaí agus ranganna eile. Ba léir na deacrachtaí seo fosta ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta mar ar tuairiscíodh sciar níos mó dúshlán a bhain le comhlíonadh. Mar shampla, dhírigh roinnt príomhoidí aird ar cheistanna a bhain le bainistiú scoláirí a raibh a dtuismitheoirí in éadan maisc a chaitheamh. Ba chuidiú é comhairle uasdátaithe a d'eisigh an Roinn chuig iar-bhunscoileanna sa chás seo. Bhain údar imní eile ag an leibhéal iar-bhunscolaíochta leis na himpleachtaí atá le seomraí praiticiúla agus feidhme ginearálta a athshannadh go sealadach mar sheomraí ranga.

Thagair roinnt freagairtí do dheacrachtaí maidir le glanadh agus díghalrú agus leis an bpróiseas soláthair. Cuimsíodh sa réimse seo ualach méadaithe airgeadais ar scoileanna mar gheall ar bhearta méadaithe glantóireachta, deacrachtaí Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP) a rochtain tríd an bpróiseas soláthair agus cainníocht, cáilíocht agus buanfas an TCP.

Thagair roinnt bheag príomhoidí do dheacrachtaí leis an réimse treorach a thug an Roinn agus gníomhaireachtaí rialtais eile a leanúint agus a úsáid. Rinne na príomhoidí seo tagairt ar leith do na héilimh a bhaineann le fanacht cothrom le dáta leis an gcomhairle nuashonraithe agus na dúshlán a éiríonn as an ngá le bunteachtairachtaí na comhairle seo a chomhthéacsú agus a chur in iúl don phobal scoile i gcoitinne.

4.2 Folláine an phobail scoile a chur chun cinn

Réimsí Ratha

Thuairiscigh beagnach gach príomhoide bunscoile agus formhór na bpríomhoidí iar-bhunscoile gur éirigh leo folláine a chur chun cinn i measc an phobail scoile. Thagair an iomad freagairt sa réimse seo do leithéidí timpeallacht shocair scoile a chruthú, foghlaimoirí a athcheangal leis an scoil, leis an bhfoireann agus lena gcairde agus socrú ar ais i ngnáthaimh na scoile. Ina lán freagairtí moladh an chaoi ar oibrigh pobail scoile as lámha a chéile chun scoileanna a athoscailt. Tuairiscíodh obair foirne, comhoibriú agus cumarsáid rialta mar ghnéithe thar a bheith dearfach de chleachtas scoile uile. Mar atá

tuairiscithe ag príomhoidí, bhí pobail scoile réamhghníomhach agus d'éirigh leo oibriú i gcompháirt chun cur le folláine na mball foirne agus foghlaimeoirí go dearfach.

Tuairimí ag príomhoidí bunscoile

- *Páistí socair, suaimhneach agus ríméad orthu a bheith ar ais agus ag teacht in oiriúint go maith do ghnáthaimh nua*
- *Tacaíocht ó bhaill foirne agus ón bpobal scoile i rith na dianghlasála agus ó athoscailt; leibhéil arda tiomantais chun an pobal scoile a choinneáil sábháilte*
- *An-ardú meanman ab ea an leibhéal ríméid a bhí ar na daltaí ar fhilleadh ar an scoil dóibh*

Tuairimí ag príomhoidí iar-bhunscoile

- *D'éirigh go han-mhaith le cur chun cinn na folláine baill foirne agus scoláirí trí úsáid ionduchtúcháin, obair na gcúntóirí Covid agus Príomhionadaí na n-oibríthe*
- *Ba thábhachtaí folláine ná aon ní eile*
- *Comhoibriú foirne: dírithe ar réiteach; D'oibrigh Cinn Bhliana roimh ré chun scoláirí 'i mbaol' a shainaithint*

Dúshlán

Cé gur éirigh go han-mhaith le cur chun cinn na folláine sa phobal scoile, bhí beagnach gach príomhoide bunscoile agus iar-bhunscoile in ann dúshlán a aithint a bhaineann le cur chun cinn na folláine.

Thuairiscigh siad go háirithe faoi údair imní maidir lena bhfolláine féin agus folláine a bhfoirne. Luadh ualach méadaithe oibre do phríomhoidí agus ceannairí scoile agus inbhuanaitheacht a n-ualach oibre ó thús deireadh na scoilbhliana. Chuir mórán príomhoidí síos ar an easpa am saor a bhí acu ó bhí mí an Mhárta ann, ag maíomh gur oibrigh siad tríd an samhradh chun athoscailt na scoile a ullmhú.

Nuair a bhí siad ag plé cúrsaí le cigirí, chuir príomhoidí síos ar dhúshlán neamhghnácha na tréimhse seo agus rinneadh tagairt do thionchar meabhrach agus fisiciúil ualach oibre a méadaíodh thar na bearta. Ina lán cásanna, tagraíodh do shaincheisteanna tromchúiseacha oibre, amhail strus, traochadh agus leibhéil arda tuirse nuair a bhíodhas ag plé an ábhair seo. Ba mhinic príomhoidí ag tagairt fosta do leibhéil arda tuirse agus struis i measc a mbaill foirne, go háirithe i measc na foirne sinsearaí bainistíochta agus cuireadh síos ar an dúshlán a bhain le comhghleacaíocht a chothú nuair ba ghá idirghníomhuithe idir baill foirne a laghdú. Is beag príomhoide a thuairiscigh dúshlán le folláine agus iompar foghlaimeoirí cé gur thuairiscigh roinnt príomhoidí leibhéil ardaithe imní á léiriú ag cohórt beag foghlaimeoirí, go háirithe iad sin a bhfuil RSO acu.

Ba mhinic a tuairiscíodh dúshlán a bhaineann le líon foirne. Bhí tagairt i sciar suntasach de fhreagairtí na bpríomhoidí don réimse seo agus do na dúshlán a bhaineann le ceisteanna ar nós múinteoirí a bheith as láthair mar gheall ar Covid, deacrachtaí le hearcú ionadaithe cáilithe agus an gá atá le foireann scoile fáil a bheith acu ar thástáil mhear Covid.

Tuairimí ag príomhoidí bunscoile

- *Mhothaigh príomhoidí uaigneach, scoite agus níor mhian leo baill foirne a chrá le linn na laethanta saoire*
- *Strus meabhrach ar phríomhoidí sna seachtainí roimh athoscailt - inmíoch faoi gach rud a bheith ullamh agus ag pleanáil i gcomhair cásanna éagsúla*
- *Tuirse ar phríomhoidí, ualach oibre agus freagracht mhéadaithe chun dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le Covid agus ag glacadh le glaonna ó thuismitheoirí inmíocha.*

Tuairimí ag príomhoidí iar-bhunscoile

- *Bainisteoirí sinsearacha faoi an-bhrú agus ag iarraidh fadhbanna práinneacha a réiteach gach lá maidir le sláinte agus sábháilteacht; gan aon am saor i rith an tsamhraidh agus ag obair ar Covid an t-am go léir*
- *Dúshlán ollmhóra lóistíochta agus brú agus éilimh ar Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí nach bhfuil inbhuanaithe. Seachtain go leith saoire ó bhí Feabhra ann*
- *Ceannairí sinsearacha traochta, gan aon sos i rith an lae scoile, ní leor uaireanta an Phríomhionadaí oibrithe do scoil chomh mór seo, gan aon samhradh, buíoch as cúnamh Covid ach níor leor é*

4.3 An curaclam a sholáthar le linn scoilbhliain 2020/21

Réimsí Ratha

Ós rud é gur luath sa scoilbhliain a bhí an rannpháirtíocht, is intuigthe go raibh a lán príomhoidí ag díriú ar an ngá a bhí le timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a chur chun cinn agus ar an dúshlán a bhain le tacú le folláine an phobail scoile. Mar sin féin, shainaithin suas le leath de na príomhoidí bunscoile agus formhór na bpríomhoidí iar-bhunscoile ábhair a bhain le teagasc agus foghlaim mar rath bunúsach le linn na tréimhse seo. Tharraing siad aird ar úsáid réimse leathan de mhodheolaíochtaí teagaisc, úsáid na timpeallachta faoin spéir chun tacú le foghlaim agus úsáid níos minice as teicneolaíochtaí digiteacha mar réimsí ratha i dtréimhse luath na scoilbhliana.

Tuairimí ag príomhoidí bunscoile

- Gach lá, déanann gach múinteoir ceacht amháin ar a laghad faoin spéir agus na múinteoirí ag éirí níos cruthaithí le himeacht ama.*
- Na hardáin TFC a úsáideadh roimh dhúnadh a fhorbairt a thuilleadh agus iad a chur i bhfeidhm mar chuid de reáchtáil laethúil na scoile.*
- Bhí na múinteoirí réamhghníomhach in atheagrú conas a théann siad i gceann gach gné den churaclam go héifeachtach d'ainneoin srianta Covid.*

Tuairimí ag príomhoidí iar-bhunscoile

- Tuigeann an fhoireann an gá atá le leanúint d'úsáid modheolaíochtaí lena scoláirí agus an fhoghlaim dhigiteach a chur chun cinn*
- Comhordaitheoir nuálach IB atá i gceannas ar athshamhlú an chláir IB le linn na paidéime*
- Tá an fhoghlaim chumaiscthe níos neadaithe agus níos ciallmhaire*

Dúshlán

Luaigh bunús na bpríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile nithe a bhaineann le teagasc agus foghlaim mar dhúshlán. Ba iad na réimsí is mó ábhar imní idirdhealú chun riar ar réimse de riachtanais foghlama i seomraí ranga agus tabhairt faoi na bearnaí san fhoghlaim de dheasca an scoil a bheith dúnta tréimhse fhada.

Sainaitníodh feidhmiú an churaclaim mar údar imní i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon. Mhaígh roinnt príomhoidí, ag leibhéal na bunscoile ach go háirithe, go raibh siad éiginnte faoi chumas na scoile roinnt gnéithe den churaclam a chur ar fáil, amhail an Corpoideachas agus an Ceol. I measc srianta eile ar fheidhmiú curaclaim a luaigh príomhoidí bhí laghdú am teagasc mar gheall ar aire mhéadaithe ar phrótacail sláinteachais agus díghalraithe agus tionchar an idirghníomhaithe agus an chomhoibrithé laghdaithe i measc múinteoirí i leith cur chuige scoile uile. Tharraing príomhoidí iar-bhunscoile aird ar dheacrachtaí le roinnt gnéithe praiticiúla d'ábhair a fheidhmiú toisc seomraí praiticiúla a bheith in úsáid ar shlí eile chun go bhféadfaí an scoil a athoscailt.

B'údar imní ar leith é ag leibhéal na bunscolaíochta riar ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ar na fadhbanna a thuairiscigh príomhoidí bhí na deacrachtaí praiticiúla a bhain lena chinntiú go n-imeascafaí daltaí ó ranganna speisialta le daltaí i ranganna príomhshrutha agus mar a chuaigh an tréimhse fhada a raibh an scoil dúnta i bhfeidhm ar dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise, chasta foghlama acu.

Mhaígh príomhoidí fosta go raibh aiféala orthu nach raibh siad in ann an réimse céanna de ghníomhaíochtaí seach- agus comh-churaclaim a chur ar fáil sa chomhthéacs reatha agus tagraíodh don tionchar seo ar fhorbairt shóisialta agus mhothúcháinach foghlaimoírí.

5. Réimsí a sainaitníodh ina bhfuil comhairle bhreise de dhíth ar scoileanna

An mhír dheiridh a d'fhiosraigh cigirí agus iad i mbun plé le príomhoidí scoile, bhain sí le réimsí ina mbainfeadh scoileanna tairbhe as tacaíocht agus treoir de réir mar a rachadh an téarma ar aghaidh. Tugadh tús áite don teagasc agus foghlaim agus ina dhiaidh sin do thimpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a shocrú agus measúnú agus folláine mar na príomhréimsí i gcomhair tacaíocht agus comhairle bhreise i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon.

Réimse comhairle / tacaíochta	Líon bunscoileanna inar mhaígh cigirí go raibh tacaíocht/treoir de dhíth	Líon iar-bhunscoileanna inar mhaígh cigirí go raibh tacaíocht/treoir de dhíth
Timpeallacht shábháilte oibre agus foghlama a shocrú	272	148
Ceannaireacht agus bainistíocht	136	52
Teagasc agus foghlaim	395	132
Measúnú	120	53
Folláine	128	64

Thagair cigirí fosta do réimsí de chomhairle agus tacaíocht bhreise do phríomhoidí i rannán oscailte 'eile'. Bhain na tuairimí sa rannán seo leis na téamaí leathana a leagadh amach sa tábla thuas. Mar shampla, d'iarr príomhoidí comhairle ar cheisteanna riaracháin amhail íoc as cumhdach ionadaíochta agus taifeadadh neamhláithreachta. Comhtháthaíodh na freagairtí seo i dtéama na Ceannaireachta agus Bainistíochta. Nascadh freagairtí inar tagraíodh don inní a bhíonn ar bhaill foirne agus d'fholláine foghlaimeoirí i dtéama na folláine a luadh cheana féin. D'iarr Príomhoidí comhairle fosta ar réimsí amhail pleanáil i gcomhair na foghlama cumaiscthe, an Idirbhliain a athshamlú agus pleananna feabhsúcháin scoile a thabhairt chun cinn. Cuimsíodh na freagairtí seo i dtéama an Teagaisc agus Foghlama thuas.

6. Conclúidí

- Ag deireadh mhí Mheán Fómhair, bhí bunús na scoileanna athoscailte agus ag feidhmiú leo go sábháilte. Ba shuntasach mar ionchur an obair a rinne príomhoidí chuige seo. Thuairiscigh alán príomhoidí, áfach, go raibh an-chuid brú agus leibhéil arda struis orthu de thoradh na n-athruithe agus na ndúshlán a tháinig le míonna beaga anuas.
- Bhí pobail scoile ag obair i dtreo polasaí agus cleachtais éifeachtacha mhaolaithe a fheidhmiú. Tugadh infheistíocht shuntasach do scoileanna agus bhí siad ag baint leas as comhairle agus treoir a thug an Roinn agus a comhpháirtithe oideachais.
- Bhí dúshlán phraiticiúla soiléir agus scoileanna ag feidhmiú comhairle sláinte poiblí, go háirithe i scoileanna inar teoranta an spás a bhí ar fáil chun riar ar scaradh fisiciúil cuí. Cé gur tugadh treoir do scoileanna chun tacú leo a riachtanais TCP a shocrú, mhaígh roinnt príomhoidí go raibh inní orthu go bhféadfadh an soláthar reatha trealaimh agus ábhar ídiú i gcaitheamh na scoilbhliana.
- Ba chúis bhunúsach é cur chun cinn na folláine i bpobail scoile gur éirigh go maith leis an bhfillleadh ar an scoil. Bhí scoileanna in ann na tacaí a chuir an Roinn agus gníomhaireachtaí eile ar fáil a rochtain chun cabhrú leo an fholláine a chur chun cinn. Tá fianaise ann gur gá fós tacú le folláine leanúnach príomhoidí, ceannairí scoile agus múinteoirí.
- Bhí an ganntanas ionadaithe agus múinteoirí ar chonarthaí gearra iontach dúshlánach do phríomhoidí agus do cheannairí scoile.
- Thuairiscigh príomhoidí gur éirigh le múinteoirí a gcuir chuige múinteoireachta a chur in oiriúint don chomhthéacs reatha. Mar sin féin, aithníodh cur i bhfeidhm an churaclaim mar ábhar inní i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon. Bhí roinnt príomhoidí, ag an mbunleibhéal ach go háirithe, éiginnte faoi chumas na scoile gnéithe den churaclam a sholáthar ar nós an Cheoil agus an Chorroideachais. Shoiléirigh príomhoidí iar-bhunscoile na deacrachtaí a bhain le gnéithe praiticiúla d'ábhair a chur i bhfeidhm toisc seomraí praiticiúla a bheith in úsáid ar shlí eile.
- Bhí cuid mhaith príomhoidí eolach ar an tionchar ar fhoghlaimoirí a bhain leis an tréimhse fhada den scoil a bheith dúnta, go háirithe d'fhoghlaimoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu. Ba léir go raibh gá leanúnach ann tacú le scoileanna an treoir a chuireann an Roinn ar fáil maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú a rochtain agus a chomhthéacsú.

7. Moltaí

- Ba chóir don Roinn athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar riachtanais TCP scoileanna chun a chinntiú go mbíonn soláthar cuí acu ar aon dul le pleananna freagartha COVID-19.
- Is gá monatóireacht a dhéanamh ar an mbrú oibre ar phríomhoidí ar bhonn leanúnach; d'fhéadfadh sé gur ghá tacaí agus acmhainní breise i gcaitheamh na scoilbhliana.
- I gcaitheamh na scoilbhliana, beidh gá leis na tacaí folláine a thugtar do scoileanna a athbhreithniú chun a chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta agus ag freagairt do riachtanais shíorathraitheacha pobail scoile.
- Ba chóir leanúint den dul chun cinn le bearta chun tabhairt faoi cheist an tsoláthair múinteoirí.
- Ba chóir tuilleadh úsáide a bhaint as na meáin shóisialta chun cabhrú le príomhoidí teacht i dtaithí ar an tsraith teorach agus comhairle atá ar fáil ar rannán COVID-19 de www.gov.ie. Ba chóir cainéil mheáin shóisialta a úsáid go háirithe le príomhoidí a chur ar an eolas nuair a uasdátaítear treoir agus chun gnéithe sainiúla den treoir uasdátaithe a shainiú.
- Ba chóir gur thosaíocht thábhachtach do gach scoil idirghabhálacha do riachtanais ar leith foghlaimoirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu a athbhunú, a phleánáil agus a fheidhmiú.
- Beidh tacaíocht de dhíth ar scoileanna chun gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comh-churaclaim a athshamhlú mar atá cúrsaí faoi láthair. Ba chóir go mbeadh doiciméad teorach na Roinne *Filleadh ar Scoil san Idirbhliain*, ina bhfuil samplaí maithe praiticiúla de ghníomhaíochtaí eile agus comhairle dhíreach faoi acmhainní agus suíomhanna gréasáin reatha úsáideach chuige seo. B'úsáideach fosta comhroinnt cás-staidéar ó scoileanna ar éirigh go maith leo leanúint de réimse de ghníomhaíochtaí seach-churaclaim agus comh-churaclaim a chomhroinnt.
- Leanfaidh scoileanna de thacaíocht a bheith de dhíth orthu in ábhair phraiticiúla lena n-áirítear an Corpoideachas agus an Ceol chun soláthar an churaclaim iomláin a chinntiú sa chomhthéacs reatha. Chuimseofaí leis seo a chinntiú go bhfuil cur amach ag scoileanna ar an tacaíocht atá ar fáil ar nós doiciméad na Roinne *Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais* agus treoir bhreise a chur ar fáil nuair is gá.
- Cé go bhfuiltear ag leanúint den teagasc agus foghlaim i gcomhthéacs nua do scoileanna agus go bhfuil múinteoirí ag obair chun a chinntiú go mbíonn curaclam freagrúil, cothromaithe, dúshlánach ag foghlaimoirí, beidh gá fadtéarmach le tionchar phaindéCOVID-19 ar theagasc agus foghlaim a anailísiú agus a mheas.